AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.4.2023
COM(2023) 219 final

2023/0117 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

i dtaca le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach comhaontaithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Mhadagascar agus a phrótacail cur chun feidhme (2023-2027)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Síníodh Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Mhadagascar an 19 Nollaig 2007 agus cuireadh i bhfeidhm go sealadach é ón 1 Eanáir 2007. Tá sé inathnuaite go huathoibríoch go ceann tréimhsí 6 bliana tar éis dó teacht i bhfeidhm.

Síníodh an Prótacal Cur Chun Feidhme is déanaí a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta sin an 23 Nollaig 2014 agus cuireadh i bhfeidhm é ón 1 Eanáir 2015 go dtí an 31 Nollaig 2018, nuair a chuaigh sé in éag.

Ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ábhartha[1], rinne an Coimisiún caibidlíocht le Madagascar maidir le Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe nua idir an tAontas Eorpach agus Madagascar a thabhairt i gcrích, lena n-áirítear prótacal nua chur chun feidhme an Chomhaontaithe sin. Is é an cuspóir atá ann ceadú do shoithí an Aontais rochtain a fháil ar limistéar iascaireachta agus tuinníní agus speicis ghaolmhara a iascach ansin, faoi shainordú bainistíochta ón gCoimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh. De thoradh na caibidlíochta sin, cuireadh inisealacha le téacs nua den Chomhaontú agus le téacs nua den Phrótacal Cur Chun Feidhme an 28 Deireadh Fómhair 2022.

Leis an gComhaontú nua déantar an Comhaontú a bhí ann cheana a aisghairm agus a ionadú. Cumhdaítear leis tréimhse 4 bliana ó dháta an iarratais shealadaigh a leagtar síos in Airteagal 19 de, mar atá an 1 Iúil 2023, faoi réir a shínithe ag na Páirtithe, nó ó dháta an tsínithe má shínítear é tar éis an 1 Iúil 2023.

Leis an bPrótacal nua, cumhdaítear tréimhse 4 bliana ó dháta an iarratais shealadaigh a leagtar síos ina Airteagal 19, de réir na bhforálacha céanna atá sa Chomhaontú.

Is é is cuspóir don togra tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe agus a Phrótacail Cur Chun Feidhme a údarú.

• Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Is é príomhaidhm an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe nua creat cothrom le dáta a sholáthar lena gcuirtear san áireamh tosaíochtaí an Chomhbheartais Iascaigh athchóirithe agus a ghné sheachtrach. Cuideoidh sé sin le leanúint den chomhpháirtíocht straitéiseach idir an tAontas Eorpach agus Madagascar agus í a neartú. Leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe nua, cuirfear ar a gcumas dóibh comhoibriú níos dlúithe le chéile d'fhonn beartas iascaigh inbhuanaithe a chur chun cinn, i gcomhréir leis an gcuspóir acmhainní bitheolaíocha na mara a chaomhnú, mar a aithnítear i ndlí an Aontais, agus chun acmhainní iascaigh in uiscí Mhadagascar a shaothrú ar bhealach freagrach. Tacóidh sé freisin le geilleagar muirí inbhuanaithe a fhorbairt, chun leas an dá pháirtí. Rannchuideoidh an comhar sin le dálaí oibre cuibhiúla in earnáil an iascaigh freisin.

Leis an bPrótacal nua, déantar foráil maidir le deiseanna iascaireachta le haghaidh shoithí an Aontais in uiscí Mhadagascar, laistigh de theorainneacha an bharrachais atá ar fáil i gcás inarb iomchuí. Tá sé bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil agus ar na moltaí

[1] An 3622ú cruinniú den Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an 4 Meitheamh 2018 https://www.consilium.europa.eu/media/36284/st09680-en18.pdf

eolaíocha a rinne an Coimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh, an eagraíocht réigiúnach bainistithe iascaigh a bhainistíonn stoic éisc mhór-imircigh, a bhfuil a chinntí infheidhme go hiomlán, mar a mheabhraítear sa Chomhaontú (Airteagal 4.3). Na bearta bainistíochta a ghlac an Coimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh, tá siad san áireamh freisin sna forálacha ábhartha den Chomhbheartas Iascaigh is infheidhme maidir le limistéar an Choimisiúin um Thuinníní an Aigéin Indiaigh, go háirithe iad siúd sa Rialachán bliantúil lena socraítear na deiseanna iascaireachta[2].

Bhun an Coimisiún a sheasamh i bpáirt ar thorthaí meastóireachta a rinneadh ar an bPrótacal roimhe seo (2015-2018), agus ar mheastóireacht réamhbhreathnaitheach maidir le cé acu ar cheart nó nár cheart Prótacal nua a thabhairt chun críche. Is saineolaithe seachtracha a thug faoin bpéire acu.

Déantar foráil sa Phrótacal maidir leis na deiseanna iascaireachta seo a leanas i ndáil le hiasc mór-imirceach:

– 32 bhád saighne tuinníní;

– 13 bhád spiléireachta dromchla ar mó ná 100 a n-olltonnáiste;

– 20 bád spiléireachta dromchla nach mó ná 100 a n-olltonnáiste,

– mar aon le soithí tacaíochta de réir rúin ábhartha an Choimisiúin um Thuinníní an Aigéin Indiaigh.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Is cuid de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais maidir le tíortha na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin é caibidliú Prótacail nua agus cuirtear san áireamh ann, go háirithe, cuspóirí an Aontais maidir le prionsabail dhaonlathacha agus cearta an duine a urramú.

Tá an tAontas agus Madagascar ina bPáirtithe sa Chomhaontú eatramhach freisin, a síníodh an 29 Lúnasa 2009, lena mbunaítear creat le haghaidh Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Stáit Oirthear agus Dheisceart na hAfraice, ar thaobh amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit ar an taobh eile. Tá an chaibidlíocht maidir le Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe nua i gcomhréir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche, lena ndéantar foráil maidir le comhar idir na Páirtithe i ndáil forbairt earnáil an iascaigh agus trádála táirgí a bhaineann leis an iascaireacht mhuirí, lena gcumhdaítear an iascaireacht mhuirí, an iascaireacht intíre agus an dobharshaothrú.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é an bunús dlí Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena mbunaítear an comhbheartas iascaigh agus Airteagal 218(6)(a)(v) agus Airteagal 218(7) CFAE maidir le comhaontuithe a thabhairt i gcrích idir an tAontas agus tríú tíortha agus an fhéidearthacht atá ann an t-idirbheartaí a údarú chun leasuithe a fhormheas thar ceann an

[2] Rialachán (AE) 2023/194 ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, chomh maith le deiseanna iascaireachta den sórt sin a shocrú le haghaidh 2023 agus 2024 le haghaidh stoic éisc áirithe dhomhainfharraige IO L 28, 31.1.2023, lgh. 1-219. Féach roinn 5 agus Iarscríbhinn IJ.

Aontais, is iad sin modhnuithe ar an gcomhaontú arna nglacadh trí nós imeachta simplithe nó ag comhlacht arna bhunú leis an gcomhaontú.

Leagtar síos in Airteagal 17(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, cé is moite den chomhbheartas eachtrach agus slándála, go bhfuil an Coimisiún le hionadaíocht sheachtrach an Aontais a áirithiú. Dá bhrí sin, is é an Coimisiún amháin atá inniúil chun fógra a thabhairt do Mhadagascar faoi chur i gcrích an phróisis daingniúcháin.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh de bhun Airteagal 3(1)(d) CFAE.

- **Comhréireacht**

Tá an togra comhréireach leis an gcuspóir creat rialachais dlíthiúil, comhshaoil, eacnamaíoch agus sóisialta a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí de chuid an Aontais in uiscí tríú tír, mar a leagtar amach in Airteagal 31 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 lena mbunaítear an Comhbheartas Iascaigh. Comhlíontar na forálacha sin chomh maith leis na forálacha sin maidir le cúnamh airgeadais do thríú tíortha a leagtar síos in Airteagal 32 den Rialachán sin.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

In 2017, rinne an Coimisiún meastóireacht *ex post* ar Phrótacal 2015-2018 a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh le Madagascar chomh maith le meastóireacht *ex ante* ar Phrótacal nua d'fhéadfaí a bheith ann[3].

Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht *ex post* ar Phrótacal 2015-2018 gur chomhlánaigh sé na socruithe rochtana eile a bunaíodh sa réigiún, socruithe lena gceadaítear do shoithí de chuid an Aontais saothrú na stoc imirceach a bharrfheabhsú laistigh de na rialacha réigiúnacha arna leagan síos ag an gCoimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh. Bhí sé ábhartha do riachtanais pháirtithe leasmhara an Aontais toisc gur thug sé rochtain intuartha d'oibreoirí soithigh de chuid an Aontais ar limistéar iascaireachta leasa ina bhfuil na speicis spriocdhírithe flúirseach. Tugann rochtain ar uiscí Mhadagascar deiseanna do chabhlach spiléireachta an Aontais atá lonnaithe in La Réunion limistéir iascaireachta a leathnú chun uiscí comharsanachta an réigiúin an-fhorimeallaigh sin a chumhdach. Mar gheall ar ghníomhaíochtaí chabhlach tuinníní an Aontais in uiscí Mhadagascar agus san Aigéan Indiach i gcoitinne, bhí tionchar substaintiúil dearfach socheacnamaíoch ar Mhadagascar a bhailigh cuid den bhreisluach de thoradh na próiseála áitiúla, agus rinneadh ranníocaíocht airgeadais an Aontais a ailíniú a bheag nó a mhór leis na deiseanna iascaireachta a shaothraítear.

Maidir le tacaíocht earnála, tugadh faoi deara sa mheastóireacht go raibh cur chun feidhme an chláir sásúil, go raibh ráta maith eisíocaíochta sa mheántéarma agus gur cheart é a bheith d'aidhm ag clár tacaíochta earnála a bheidh ann amach anseo, mar ábhar tosaíochta, cur leis an acmhainneacht faireacháin, rialaithe agus faireachais, leis na hacmhainneachtaí cigireachta

[3] Meastóireacht chúlghabhálach agus ionchasach ar an bPrótacal a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Mhadagascar – Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh (europa.eu)

sláinte chun acmhainneacht onnmhairiúcháin a chaomhnú, agus leis an tacaíocht d'oiliúint ghairmiúil maraithe. D'fhéadfadh clár tacaíochta earnála a bheidh ann amach anseo cuidiú freisin leis an earnáil náisiúnta an iascaigh a fhorbairt trí thacaíocht a thabhairt d'iascairí ar mionscála agus trí dhea-chomhordú a choinneáil ar bun le gníomhaíochtaí a mhaoiníonn deontóirí. Moltar sa mheastóireacht freisin go gcuirfí cuid den mhaoiniú atá ar fáil chun cúntóir teicniúil seachtrach a earcú i leataobh chun cur chun feidhme an chláir tacaíochta earnála a chomhordú agus a éascú.

Ó thaobh an Aontais de, tá sé tábhachtach ionstraim a choinneáil ar bun lena gceadaítear dlúthchomhar earnála le tír atá ina príomh-chomhpháirtí, ina soláthróir táirgí éisc don Aontas, le páirtithe leasmhara ar an leibhéal idirnáisiúnta agus a bhfuil meánna iascaireachta aici atá chun leas chabhlach an Aontais.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Mar chuid den mheastóireacht thuasluaite, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit, le hionadaithe tionscail agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta na sochaí sibhialta, chomh maith le riarachán iascaigh agus sochaí shibhialta Mhadagascar. Reáchtáladh comhairliúcháin freisin laistigh den Chomhairle Chomhairleach um Iascach Fadraoin. Dealraíonn sé ó na comhairliúcháin sin gur chun leasa an Aontais Eorpaigh agus Mhadagascar é ionstraim a choimeád lena gceadaítear comhar domhain earnálach, le deiseanna maoinithe ilbhliantúla do Mhadagascar. I gcás armálacha an Aontais, is chun leas an Aontais é rochtain ar limistéar tábhachtach iascaireachta a choimeád trí chomhaontú in earnáil an iascaigh. Ó rinneadh an mheastóireacht in 2018, dheimhnigh an earnáil ghairmiúil ag cruinnithe na Comhairle Comhairlí um Iascach Fadraoin go gcoinnítear a spéis ar bun.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

D'úsáid an Coimisiún comhairleoir neamhspleách le haghaidh na meastóireachtaí *ex post* agus *ex ante*, i gcomhréir le forálacha Airteagal 31(10) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 lena mbunaítear an Comhbheartas Iascaigh.

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach

Cearta bunúsacha

Sa chomhaontú a caibidlíodh, cuimsítear clásal a bhaineann leis na hiarmhairtí má sháraítear na gnéithe riachtanacha a bhaineann le cearta daonna a leagtar síos in Airteagal 9 de Chomhaontú Cotonou, nó san airteagal comhfhreagrach sa chomhaontú a thiocfaidh i gcomharbas air.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Is é EUR 1 800 000 an ranníocaíocht airgeadais bhliantúil, bunaithe ar na nithe seo a leanas:

a) tonnáiste tagartha 14 000 tona, ar socraíodh méid bliantúil ina leith maidir le rochtain ag EUR 700 000;

b) tacaíocht chun beartas earnála iascaigh Mhadagascar a fhorbairt, ar fiú EUR 1 100 000 in aghaidh na bliana é.

Leis an tacaíocht sin, comhlíontar cuspóirí an chomhair i réimsí an tsaothraithe inbhuanaithe acmhainní iascaigh, an dobharshaothraithe, fhorbairt inbhuanaithe na n-aigéan, chosaint na muirthimpeallachta agus an gheilleagair ghoirm.

Déantar an méid bliantúil le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a bhunú le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil, lena n-áirítear an líne chúltaca do phrótacail nár tháinig i bhfeidhm go fóill ag tús na bliana[4].

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déantar foráil maidir leis na socruithe faireacháin sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe agus sa Phrótacal Cur Chun Feidhme a ghabhann leis

[4] I gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha, pointe 20 (IO L 433I, 22.12.2020)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

i dtaca le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach comhaontaithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Mhadagascar agus a phrótacail cur chun feidhme (2023-2027)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a)(v) agus le hAirteagal 218(7) de,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa (…)[5]

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh [XXX] ón gComhairle an […][6], síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Mhadagascar (‘an Comhaontú Comhpháirtíochta’) mar aon le prótacal cur chun feidhme (‘an Prótacal’) an [...], faoi réir a thabhairt i gcrích dáta is déanaí.

(2) Leis an gComhaontú Comhpháirtíochta, aisghairtear an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh a bhí ann roimhe seo idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Mhadagascar, atá i bhfeidhm ó bhí 1 Eanáir 2007 ann agus atá inathnuaite go huathoibríoch go ceann tréimhse 6 bliana tar éis dó teacht i bhfeidhm.

(3) Tá sé d’aidhm ag an gComhaontú Comhpháirtíochta agus ag an bPrótacal a ghabhann leis ligean do shoithí de chuid an Aontais a ngníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh i limistéar iascaireachta Mhadagascar agus ligean don Aontas agus do Mhadagascar comhoibriú go dlúth le chéile chun forbairt beartais iascaigh inbhuanaithe agus saothrú na hacmhainne iascaigh i limistéar iascaireachta Mhadagascar agus san Aigéan Indiach a chur chun cinn ar bhonn freagrach. Tacaíonn an comhar sin le dálaí oibre cuibhiúla a bhunú in earnáil an iascaigh freisin.

(4) Ba cheart an Comhaontú Comhpháirtíochta agus an Prótacal a fhormheas thar ceann an Aontais Eorpaigh.

(5) Chun go dtiocfaidh an Comhaontú Comhpháirtíochta agus an Prótacal i bhfeidhm, ba cheart don Choimisiún, ina cháil mar ionadaí an Aontais, obair leantach a dhéanamh ar an gCinneadh ón gComhairle agus ba cheart dó fógra a thabhairt do Mhadagascar faoi thoiliú an Aontais a bheith faoi cheangal ag an gComhaontú Comhpháirtíochta agus ag an bPrótacal

(6) Le hAirteagal 14 den Chomhaontú, bunaítear Comhchoiste atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe agus an Phrótacail. Tá sé de

[5] tagairt le cur leis

[6] (…) (IO L […], […], lch. […]).

chumhacht ag an gCoiste sin leasuithe áirithe ar an bPrótacal a fhormheas. Ionas go n-éascófaí formheas na leasuithe sin, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún, faoi réir coinníollacha substainteacha agus nós imeachta, iad a fhormheas thar ceann an Aontais de réir nós imeachta simplithe.

(7) Ba cheart don Chomhairle seasamh an Aontais a bhunú maidir leis na leasuithe ar an bPrótacal atá beartaithe. Ba cheart na leasuithe atá beartaithe a fhormheas mura rud é go ndéanann mionlach blocála de na Ballstáit agóid in aghaidh na leasuithe i gcomhréir le hAirteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

(8) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1725[7] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus thug sé tuairim fúthu an [*cuir isteach dáta*],

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheastar leis seo, thar ceann an Aontais, an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Mhadagascar (‘an Comhaontú Comhpháirtíochta’) agus an Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Mhadagascar (2023-2027) (‘an Prótacal’).

Tá téacs an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta, téacs an Phrótacail agus Iarscríbhinní 1 agus 2 i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tabharfaidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 17 den Chomhaontú Comhpháirtíochta agus in Airteagal 18 den Phrótacal, chun toiliú an Aontais a bheith faoi cheangal ag an gComhaontú Comhpháirtíochta agus ag an bPrótacal a chur in iúl.

Airteagal 3

I gcomhréir leis na forálacha agus na coinníollacha a leagtar síos in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gCinneadh seo, údaraítear an Coimisiún leis seo, thar ceann an Aontais, leasuithe ar an bPrótacal arna nglacadh ag an gComhchoiste arna bhunú faoi Airteagal 14 den Chomhaontú Comhpháirtíochta a ghlacadh.

[7] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 20ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí ginearálta

1.4.2. Cuspóirí sonracha

1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil coinne leo

1.4.4. Táscairí feidhmíochta

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh

1.5.2. Breisluach Eorpach (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, mar shampla, gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta, comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach Eorpach' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú

2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle i dtaca le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Mhadagascar agus a Phrótacail Cur Chun Feidhme (2023-2027).

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

08 – Talmhaíocht agus Beartas Muirí

08.05 – Comhaontuithe agus Comhpháirtíochtaí Iascaigh Inbhuanaithe agus Eagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh

08.05.01 – Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta shoithí iascaireachta an Aontais in uiscí tríú tíortha

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

X **beart nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart[8]**

☐ **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ **beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí ginearálta

Trí chaibidlíocht a dhéanamh ar na comhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe le tríú tíortha agus iad a thabhairt i gcrích, comhlíontar an cuspóir ginearálta maidir le rochtain a thabhairt do shoithí iascaireachta an Aontais Eorpaigh ar limistéir iascaireachta tríú tíortha agus comhpháirtíocht a fhorbairt leis na tíortha sin d'fhonn saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh a neartú lasmuigh d'uiscí an Aontais Eorpaigh.

Leis na conarthaí comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe, áirithítear freisin comhsheasmhacht idir na prionsabail lena rialaítear an comhbheartas iascaigh agus na gealltanais a rinneadh faoi bheartais Eorpacha eile úsáid inbhuanaithe acmhainní tríú tíortha, an comhrac in aghaidh na hiascaireachta neamhdhleathaí, neamhthuairiscithe agus neamhrialaithe, comhtháthú na dtíortha comhpháirtíochta sa gheilleagar domhanda, rannchuidiú le forbairt inbhuanaithe i ngach gné, agus rialachas polaitiúil agus airgeadais níos fearr ar iascaigh.

1.4.2. Cuspóirí sonracha

Cuspóir sonrach Uimh.º1

Cur le hiascaireacht inbhuanaithe in uiscí nach uiscí de chuid an Aontais iad, láithreacht Eorpach a choinneáil ar bun in iascaigh i bhfarraigí i bhfad i gcéin agus leasanna earnáil iascaigh na hEorpa agus tomhaltóirí a chosaint trí idirbheartaíocht

[8] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

agus comhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe a thabhairt i gcrích le Stáit chósta, i gcomhréir le beartais Eorpacha eile.

1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil coinne leo

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe agus a Phrótacail Cur Chun Feidhme, leantar den chomhpháirtíocht iascaigh straitéiseach idir an tAontas Eorpach agus Madagascar agus treisítear í. Le tabhairt i gcrích an Phrótacail, cruthófar deiseanna iascaireachta le haghaidh shoithí de chuid an Aontais i limistéar iascaireachta Mhadagascar.

Leis an gComhaontú agus an Prótacal, is fearr a dhéanfar na hacmhainní iascaigh a bhainistiú agus a chaomhnú, trí thacaíocht airgeadais (tacaíocht earnála) a chur ar fáil chun cláir arna nglacadh ar an leibhéal náisiúnta ag an tír chomhpháirtíochta a chur chun feidhme, go háirithe an Plean Cuimsitheach Iascaigh, faireachas a dhéanamh ar an iascaireacht neamhdhleathach agus an comhrac ina haghaidh agus tacaíocht a thabhairt d'earnáil an iascaigh ar mionscála.

Ar deireadh, leis an gComhaontú agus an Prótacal, cuirfear le saothrú inbhuanaithe na n-acmhainní muirí i Madagascar agus le geilleagar iascaireachta Mhadagascar, trí fhás agus dálaí oibre cuibhiúla a chur chun cinn, maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann leis an iascaireacht.

1.4.4. Táscairí feidhmíochta

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

Rátaí úsáide deiseanna iascaireachta (glacadh bliantúil na n-údaruithe iascaireachta mar chéatadán den infhaighteacht faoin bPrótacal).

Sonraí maidir le gabhálacha (bailiú agus anailísiú) agus luach tráchtála an Chomhaontaithe.

Ranníocaíocht le fostaíocht agus dálaí oibre cuibhiúla san iascach agus le breisluach san Aontas agus le margadh an Aontais a chobhsú (go comhiomlán le Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe eile).

Tacaíocht leis an tír chomhpháirtíochta chun feabhas a chur ar thaighde, faireachas agus rialú ar ghníomhaíochtaí iascaireachta agus ar fhorbairt a hearnála iascaigh, go háirithe an earnáil a bhaineann le hiascaigh ar mionscála.

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh

Tá sé i gceist go mbeidh feidhm ag an gComhaontú nua agus ag an bPrótacal Cur Chun Feidhme ar bhonn sealadach ó dháta a shínithe, ionas go gcuirfear laghdú ar aon chur isteach ar oibríochtaí iascaireachta atá ar bun faoin bPrótacal reatha dá rachadh sé in éag.

Leis an gComhaontú agus an Prótacal nua cuirfear creat ar fáil do ghníomhaíochtaí iascaireachta de chabhlach an Aontais i limistéar iascaireachta Mhadagascar agus tabharfar údarú d'úinéirí soithí an Aontais iarratas a dhéanamh ar údaruithe iascaireachta chun dul i mbun iascaireachta sa limistéar sin. Ina theannta sin, leis an gComhaontú agus an Prótacal nua cuirfear feabhas ar an gcomhar idir an tAontas

